**Ordú na Cúirte Breithiúnas (an Deichiú Dlísheomra) an 9 Feabhra 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Varhoven kasatsionen sad – an Bhulgáir) – "Konservinvest"OOD v "Bulkons Parvomay" OOD**

**(Cás C-35/21)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 99 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí – Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 – Ainmniúchán tionscnaimh agus tásca geografacha – Airteagal 9 – Cosaint náisiúnta idirthréimhseach – Tásc geografach lena n-ainmnítear táirge talmhaíochta, atá cláraithe faoi reachtaíocht Ballstáit agus a bhfuil cosaint aige ar an leibhéal náisiúnta)***

(2022/C 222/06)

*Teanga an cháis: an Bhulgáiris*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Varhoven kasatsionen sad (an Bhulgáir)

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* "Konservinvest"OOD

*Cosantóir:* "Bulkons Parvomay" OOD

**An chuid obríochtúil**

Ní mór Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí a léirmhíniú sa chaoi is go gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht Ballstáit lena bhforáiltear do chóras náisiúnta clárúcháin agus cosanta maidir le hainmniúcháin gheografacha cáilithe a bhaineann le táirgí talmhaíochta agus bia-earraí a thagann faoi raon feidhme an rialacháin sin, nach bhfuil sé beartaithe feidhm a bheith aige ach amháin maidir le díospóidí a bhaineann le sáruithe ar na cearta a eascraíonn as na hainmniúcháin sin idir trádálaithe sa Bhallstát sin a tháirgeann, ar chríoch an Bhallstáit sin, na táirgí ar cláraíodh na hainmniúcháin sin ina leith faoi na rialacha sin.

[1] IO C 98, 22.03.2021

---

**Ordú na Cúirte Breithiúnais (an tOchtú Dlísheomra) an 1 Márta 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón gCúirt Achomhairc – Éire) – Imeachtaí coiriúla i gcoinne K.M.**

**(Cás C-493/21)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 99 de rialacha nós imeachta na Cúirte Breithiúnais – an Comhbheartas iascaigh – Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 – Córas rialaithe chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú – Airteagal 89 – Bearta lena n-áiritheofar comhlíonadh na rialacha – Airteagal 90 – Pionóis choiriúla – Prionsabal na comhréireachta – Léiriú ar bhreithiúnas an 11 Feabhra 2021, K.M. (Pionóis arna bhforchur ar chaptaen loinge) (C-77/20, EU:C:2021:112))***

(2022/C 222/07)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**An chúirt a rinne an tarchur**

An Chúirt Achomhairc

**Páirtithe sna príomhimeachtaí coiriúla**

*Iarratasóir:* K.M.

*Páirtí eile sna himeachtaí:* An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí